Cúrsa SAOR IN AISCE ar Dhéanamh Múirín Déardaoin 16 Meitheamh, Leitir Ceanainn

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall, i gcomhpháirt leis an fheachtas náisiúnta Stop Food Waste agus leis an Chlár um Gharraíodóireacht Shláintiúil, ag reáchtáil cúrsa oíche SAOR IN AISCE ar dhéanamh múirín i nGairdíní Pobail Leitir Ceanainn (in aice leis an Ionad Gairdín ag Otharlann Naomh Conall) **Déardaoin 16 Meitheamh ó 7.00in - 9.30in.**

Tá an cúrsa seo ag fóirstean go mór do dhaoine ar mhaith leo níos mó eolais a chur ar dhéanamh múirín, triail a bhaint as teicnící éagsúla déanta múirín agus foghlaim faoin dóigh leis an mhúirín a úsáid thart fán ghairdín.

Is féidir múirín a dhéanamh den tríú cuid de bhruscar tí agus thig leis seo cuidiú leat airgead a shábháil ar chostais bhruscair. Is próiseas nádúrtha é an múiríniú as a ndéantar ábhar dorcha sceiteach, a bhfuil boladh créúil uaidh, d'ábhair ghairdín agus de ghiobóga glasraí. Tugtar múirín ar an ábhar seo. Tá boscaí múirín tí ar díol ó gach oifig de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall. Níl ach €13 orthu.

Le tuilleadh eolais a fháil agus le clárú don chúrsa Saor In Aisce ar mhúiríniú, bheimis buíoch duit ach teagmháil a dhéanamh le Suzanne Tinney, Oifigeach Feasachta Dramhaíola, (074) 91 76276. Tabhair faoi deara, le do thoil, go mbeidh an cúrsa seo ar siúl **Déardaoin 16 Meitheamh ó 7.00in - 9.30in.**

Fá choinne tuilleadh eolais ar an mhúiríniú tabhair cuairt ar www.donegalcoco.ie nó www.stopfoodwaste.ie

Críoch.

Suzanne Tinney, Oifigeach Feasachta Dramhaíola 074 91 76276
suzanne.tinney@donegalcoco.ie